



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Eanáir 2020
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2019/0182 (NLE)

12362/1/19
REV 1

VISA 190
COEST 209

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú

CINNEADH (AE) 2020/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe
idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise
i ndáil le heisiúint víosaí a éascú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a)
d'Airteagal 77(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

¹ Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/... ón gComhairle¹⁺, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú ("Comhaontú an Aontais" anseo feasta) an [...]+++, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.
- (2) I nDearbhú Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 7 Bealtaine 2009, chuir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta in iúl go dtacaíonn siad go polaitiúil le léirscaoileadh an chórais víosaí i dtimpeallacht shábháilte shlán agus d'athdhearbhaigh siad a rún céimeanna a ghlacadh, diaidh ar ndiaidh, chun córas taistil gan víosa a thabhairt i gcrích, in am trátha, dá saoránaigh.
- (3) Is é cuspóir an Chomhaontaithe éascú a dhéanamh, ar bhonn na cómhalartachta, ar eisiúint víosaí chuig saoránaigh an Aontais agus na Bealarúise, do chuairt bheartaithe do thréimhse nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

¹ Cinneadh (AE) 2019/... ón gComhairle an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú IO L [...], [...], lch. [...].

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12361/19 agus cuir isteach san fhonóta, le do thoil, uimhir, dáta agus tagairt IO den Chinneadh sin.

⁺⁺ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe in ST 12363/19.

- (4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle¹; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ina ghlacadh ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (5) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle²; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

¹ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i gcuid d'fhorálacha *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

² Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i gcuid d'fhorálacha *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

- (7) Rinne an Coimisiún measúnú ar shlándáil agus ar shláine chóras eisiúna pasanna taidhleoireachta bithmhéadracha na Bealarúise agus ar na sonraíochtaí teicniúla a ghabhann leis sin.
- (8) Ba cheart an Comhaontú a fhorpheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú a fhorpheas thar ceann an Aontais¹⁺.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) den Chomhaontú².

Airteagal 3

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, le cúnaimh ó ionadaithe na mBallstát, ionadaíocht thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste arna chur ar bun de bhun Airteagal 12 den Chomhaontú.

¹ Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L ...

⁺ IO: Cuir isteach san fhonóta le do thoil tagairt IO an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 12363/19.

² Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
